Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**5647/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0093 (NLE)**

**RECH 15**
**ATO 2**
**ASIE 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach a thabhairt i gcrích |

**CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach a thabhairt i gcrích**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 101 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá caibidlíocht déanta ag an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir le Treoracha an 3 Iúil 2009 ón gComhairle, i ndáil leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach,

(2) Rinneadh an chaibidlíocht sin a thabhairt i gcrích go rathúil,

(3) Ba cheart formheas a thabhairt don Choimisiún Eorpach an Comhaontú a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar taighde agus forbartha maidir le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach.[*][+]

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[*] Gheobhaidh na toscaireachtaí, mar eolas, téacs an chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 5648/20.

[+] IO: Foilsigh an Cinneadh ón gComhairle amháin. Foilseofar an Comhaontú ag an gCoimisiúin mar aon leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis an gconclúid.